Job Advertisement | Sample Answer

Tá na poist a thaispeántar thíos le líonadh ag TG4. Roghnaigh post amháin agus scríobh an téacs le haghaidh fógra (thart ar 150 focal) a bheidh le léamh ar TG4 chun daoine a mhealladh le cur isteach ar an bpost sin. Bíodh na pointí seo a leanas san áireamh san fhógra:

- **pointe eolais faoi TG4**
- **na scileanna pearsanta atá ag teastáil**
- **an post atá i gceist**
- **an dáta deireanach a ghlacfar le CV**

(Sec Sample 2019 Q11)

Fógra

Tá TG4 ag lorg láithreoir spóirt (sport commentator/presenter) nua. Is stáisiún teilifíse lán Gaeilge é TG4. Craolann TG4 cláir de gach saghas ar an teilifís trí Ghaeilge. Freastalaíonn an stáisiún ar dhaoine ní hamháin sa Ghaeltacht ach ar fud na hÉireann chomh maith.

Beidh oifig ag an duine a cheapfar i gConamara, contae na Gaillimhe, ach beidh sé ag obair mar láithreor ag imeachtaí ar fud na hÉireann. Beidh dualgas ar an láithreoir bheith i láithair ag cluichí CLG móra gach deireadh seactaine.

Ar na cáilíochtaí atá riachtanach don phost seo, tá Gaeilge líofa, teastas mar láithreoir agus scileanna maithe cumarsáide. Anuas ar seo, ní mór don duine bheith spórtiúil, féinmhuiníneach agus bríomHar. Is é an tuarastal ná €30,000 sa bhliain. Tá gach eolas faoin bpost seo le fáil ag www.TG4.ie. Má tá suim agat sa phoist seo, sheol do CV chuig gaabeo@tg4.ie. Is é an ceathrú lá de Bhealtaine an dáta deireanach le haghaidh iarratas.